

Deontais Trealamh Speisialta arna bhFáil do Dhalta Sonrach

(An nuashonrú is deireanaí ar an gcáipéis seo: Lúnasa 2025)

1. Réamhrá

Is éard atá sna deontais trealamh speisialta ná scéim deontas atá ar fáil chun trealamh oideachais a cheannach do dhaltáí bunscoile agus iarbhunscoile a ndearnadh diagnóis orthu faoi mhíchumas fisiciúil nó cumarsáideach. Cuirtear cúnamh deontais ar fáil d'earraí ar leith ar nós cathaoireacha agus táblaí. Tá deontas ar leith ann freisin chun trealamh riachtanach teicneolaíochta cúnta a cheannach do dhaltáí faoi mhíchumas coirp nó cumarsáideach.

Ní mór do scoileanna iarratas a dhéanamh go díreach chuig an Roinn Oideachais ar na deontais seo.

2. Cur Chuige Cuntasaíochta

Leagtar amach thíos na cóid ainmniúla atá le húsáid chun cuntas a thabhairt ar an deontas a fuarthas, ar chaitheamh an deontais agus ar aon iarmhéid nár caitheadh.

2.1 Nuair a fhaightear an t-ioncam deontais

Gníomh	DR/CR	Cód Ainmniúil	Cur Síos
Speisialta Trealamh Deontas Faighte	DR	1800	Cuntas Reatha 1 <a>Sócmhainn Reatha
	CR	2171	Deontais Imfhálaithe Eile gan Chaitheamh <a>Dliteanas Reatha

2.2 Nuair a cheannaítear an t-earra

Gníomh	DR/CR	Cód Ainmniúil	Cur Síos
Speisialta Trealamh Ceannaithe	DR	4919	Trealamh Oideachais Speisialta Costas (Neamhchaipitiúil)*1 <a>Caiteachas
	CR	1800	Cuntas Reatha 1 <a>Sócmhainn Reatha
	DR	2171	Deontais Imfhálaithe Eile gan Chaitheamh <a>Dliteanas Reatha
	CR	3140	Deontas Trealaimh Oideachais Speisialta <a>Ioncam

****1 Tabhair do d'aire:***

Tá an trealamh a cheadaítear de chineál ar leith agus b'fhéidir nach mbeadh sé oiriúnach do mhic léinn eile sa scoil. I gcúinsí den sórt sin moltar go gcaithfí an trealamh seo tríd an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais sa bhliain a cheannaítear é. Mar shampla, aistreofar ríomhaire glúine a cheannaítear ón deontas teicneolaíochta cúnta leis an scoláire agus é ag dul ón mBunscoil go dtí an Iarbhunscoil agus ba chóir é a chaitheamh trí chód 4919 nuair a cheannaítear é.

2.3 Cuntas ar iarmhéid an deontais nár caitheadh

Is deontas imfhálaithe é an deontas trealamh speisialta/teicneolaíocht chúnta agus ní mór an t-iarmhéid nár caitheadh ag deireadh na bliana a réiteach agus cuntas a thabhairt air i gcód ainmniúil 2171 Deontais Imfhálaithe Eile nár caitheadh.

2.4 Cuntas ar dheontas atá dlite

I gcúinsí áirithe ní mór don scoil an trealamh a cheannach agus ansin iarratas a dhéanamh ar aisíocaíocht ón Roinn, sa chás sin, ba cheart cuntas a thabhairt ar aon airgead atá dlite don scoil ag deireadh na bliana mar dheontas atá dlite.

Gníomh	DR/CR	Cód Ainmniúil	Cur Síos
Dialann chun Airgead Deontas Dlite a thaifeadadh	DR	1730	Deontais dlite Sócmhainn Reatha
	CR	3140	Deontas Trealamh Oideachais Speisialta Ioncam

Gníomh	DR/CR	Cód Ainmniúil	Cur Síos
Leabhar cúnta chun Airgead Deontais Dlite a fhreaschur nuair a fhaightear é an bhliain dár gcionn	DR	3140	Deontas Trealamh Oideachais Speisialta Ioncam
	CR	1730	Deontais dlite Sócmhainn Reatha